

An tAcht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú)

Rialacháin Phleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Timpeallachta), 2004 (arna leasú)

Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001 (arna leasú)

Fógra maidir le Forbairt Phlean Forbartha Contae Loch Garman, 2022-2028

Tugtar fógra leis seo de réir Alt 12(12) d'Acht um Pleanáil agus Forbairt, 2000 (arna leasú), gur cheadaigh Comhairle Contae Loch Garman, Údarás Pleanála an Chontae, Plean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028 ag Cruinniú Speisialta de Chomhairle Contae Loch Garman a reáchtáladh, ar an Luan, an 13 Meitheamh 2022.

Tugtar fógra leis seo freisin de réir Rialacháin Phleanála agus Forbartha (Measúnú Straitéiseach Timpeallachta), 2004 (arna leasú) agus Airteagal 13I de Rialacháin Phleanála agus Forbartha, 2001 (arna leasú) go bhfuil Ráiteas maidir le Measúnú Straitéiseach Timpeallachta ullmhaithe. Déantar achoimre ar na nithe seo a leanas sa Ráiteas seo:

- (a) Conas atá breithniúcháin timpeallachta curtha san áireamh sa Phlean;
- (b) Conas atá (i) an Tuarascáil Timpeallachta ullmhaithe de bhua Airteagal 13C, (ii) na haighneachtaí agus na breathnóireachtaí a cuireadh faoi bhráid an Údaráis Phleanála faoi Alt 12(1) nó (7) den Acht agus (iii) aon chomhairliúcháin faoi Airteagal 13F atá curtha san áireamh i rith ullmhú an Phlean;
- (c) Na cúiseanna ar roghnaíodh an Plean, ar glacadh leis, i bhfianaise na roghanna malartacha réasúnacha eile ar déileáladh leo; agus
- (d) Na bearta ar cinneadh faireachán a dhéanamh orthu, de réir Airteagal 13J, éifeachtaí suntasacha timpeallachta chur chun feidhme an Phlean.

Beidh **éifeacht leis an bPlean ar an Luan, an 25 Iúil 2022** agus tá sé leagtha amach mar seo a leanas:

Imleabhar 1 Ráiteas Scríofa

Imleabhar 2 Lámhleabhar Bainistíochta Forbartha

Imleabhar 3 Pleananna Lonnaíochta agus Cuspóirí Sonracha (Áirítear in Imleabhar 3 criosú talamhúsáide do Bhaile Bhun Clóidí agus Calafort Ros Láir agus Cill Ruáin)

Imleabhar 4 Ráiteas Comhlíontachta Alt 28

Imleabhar 5 Taifead na nDéanmhas Cosanta

Imleabhar 6 Limistéir Chaomhantais Ailtireachta

Imleabhar 7 Measúnú ar Nádúr an Tírdhreacha

Imleabhar 8 Straitéis Mhiondíola

Imleabhar 9 Straitéis Tithíochta

Imleabhar 10 Straitéis Fuinnimh

Imleabhar 11 Measúnú Straitéiseach Riosca i gcás Tuilte

Imleabhar 12 Tuarascáil Timpeallachta an Mheasúnaithe Straitéisigh Timpeallachta

Imleabhar 13 Measúnú Oiriúnach, Tuarascáil Tionchair Natura agus Cinneadh.

Beidh cóip de Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028 agus an Ráiteas SEA le fáil chun críocha iniúchta phoiblí ón Luan, an 25 Iúil 2022 ag na suíomhanna seo a leanas:

- Ar líne ar shuíomh gréasáin www.wexfordcoco.ie agus Tairseach Chomhairliúcháin <https://consult.wexfordcoco.ie> Chomhairle Contae Loch Garman.
- Tá cóip chrua ar fáil ón Roinn Pleanála, Bloc B, Áras an Chontae, An Charraig Leathan, Loch Garman, Y35 WY93, Luan go hAoine (seachas Laethanta Saoire Poiblí) idir 9.00am - 1.00pm agus 2.00pm - 4.00pm (Dúnta ag am lóin, 1.00pm - 2.00pm).

Chomh maith leis sin, beidh cóipeanna de Phlean Forbartha Contae Loch Garman 2022-2028 ar fáil le ceannach ón Roinn Pleanála ag an seoladh thuas amach anseo.

Is féidir fiosrúcháin maidir le Plean Forbartha Contae Loch Garman nua a phlé leis an Aonad Pleanála Seirbhísí do Chustaiméirí ag an uimhir 053 9196101 nó trí ríomhphost a sheoladh chuig planning@wexfordcoco.ie